

RIALACHÁN (AE) 2023/1627 ÓN gCOIMISIÚN
an 10 Lúnasa 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a mhéid a bhaineann le húdarú na substainte bis(2-eitilheicsil)cioglaieacsán-1,4-décharbocsaláit (Uimh. FCM 1079)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 5(1), an dara fómhír, pointí (a), (e), agus (i), agus Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos rialacha sonracha maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia. Go háirithe, le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin bunaítear liosta Aontais de shubstaintí údaraithe a fhéadfar a úsáid d'aon ghnó i monarú ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia.
- (2) An 11 Nollaig 2019, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch fhabhrach ⁽³⁾ maidir le húsáid na substainte bis(2-eitilheicsil)cioglaieacsán-1,4-décharbocsaláit ('DEHCH', Uimh. CAS 84731-70-4, Uimh. FCM 1079), mar bhreiseán (plaisteachán) ag suas le 25 % i bpola(clóiríd vinile) (PVC) w/w atá i dteagmháil le bianna uisciúla, aigéadacha agus ar bheagán alcóil le haghaidh stóráil fhadtéarmach ag teocht an tseomra nó faoina bun (stóráil chuisnithe agus reoite). Thairis sin, ar bhonn staidéar eolaíoch a cuireadh ar fáil don Údarás, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach cúis inní í an tsubstaint ó thaobh na géineatocsaineachta de agus thug sé dá aire nár tugadh faoi deara aon éifeacht dhíobhálach suas go dtí an dáileog is airde a tástáladh de 1 000 mg/kg de mheáchan coirp (bw) in aghaidh an lae i staidéir ar thocsaineacht ildáileog. Mar sin féin, i bhfianaise na héiginnteachta maidir leis an bhféidearthacht an tsubstaint a charnadh i ndaoine, tháinig sé ar an gconclúid nár cheart ascnamh na substainte a bheith níos mó ná 0,05 mg/kg bia, agus nár cheart an tsubstaint a úsáid ach amháin in PVC atá i dteagmháil le bianna dá sanntar ionsamhlaigh A (10 % eatánól) agus B (3 % aigéad aicéiteach), ag teocht an tseomra nó faoina bun.
- (3) Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint bis(2-eitilheicsil)cioglaieacsán-1,4-décharbocsaláit a údarú.
- (4) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a leasú dá réir.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 338, 13.11.2004, lch. 4.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2020; 18(1):5973

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord uimhreach:

'1079	84731-70-4	bis(2-éitilheicsil) cioglaieac-sán-1,4-décharboc-saláit (DEHCH)	tá	níl	níl	0,05		Le húsáid mar bhreiseán i bpola (clóiríd vinile) (PVC) ag suas le 25 % w/w agus é i dteagmháil, ag teocht an tseomra nó faoina bhun, le bianna a sanntar ionsamhlaigh bia A nó B dóibh i dTábla 2 d'Iarscríbhinn III.'
-------	------------	---	----	-----	-----	------	--	--